

Cúrsaí Dea-chleachtais, Eitice agus Dlí sa Tástáil Shíciméadrach do Threoirchomhairleoirí

Declan Fitzgerald agus Ciara Farrell

*Foilsithe ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) mar alt don
Lámhleabhar Scoile um Threoir*



Clár

Achoimre.....	3
Eochairfhocail.....	3
1. Réamhrá.....	4
1.1 Forbhreathnú ar Shíciméadracht	4
1.2 Tástáil Shíciméadrach	4
1.3 Úsáid na Tástála Síciméadraí i Meánscoileanna na hÉireann.....	5
2. Cumas Úsáideora Trialach agus Dea-Chleachtas.....	8
2.1. Rogha Trialach	10
2.2. Ullmhúchán agus Riarachán Trialach.....	10
2.3. Cothroime sa Scóráil agus sa Léirmhíniú	11
2.4. Rúndacht sa Tástáil, Stóráil agus Rochtain ar Ábhair.....	13
2.5. Aiseolas Scríofa agus Ó Bhéal	13
Conclúid	17
Tuilleadh Léitheoireachta	18
Beathaisnéisí.....	19
Tagarthaí	20

Achoimre

Le fiche bliain anuas tá méadú suntasach sa tástáil shíciméadrach i suíomhanna gairme agus oideachais araon. Mar thoradh ar an méadú seo tá raidhse de thrialacha agus de thástáil shíciméadrach ann go hidirnáisiúnta. Le fiche bliain anuas freisin táthar ag teacht ar chomhaontú ar cad is dea-chleachtas ann. Féachann an t-alt seo le dearcadh leathan a thabhairt d'úsáideoirí trialacha i meánscoileanna na hÉireann maidir leis an dea-chleachtas ag baint úsáide as trialacha síciméadracha bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta an dea-chleachtais. Déanann na caighdeáin seo suntas den tábhacht atá leis an bpróiseas tástála a bhainistiú, d'fhonn a chinntiú go dtugtar eolas éifeachtacht do chliant ar láidreachtaí agus laigí na dtrialacha agus go dtugtar eolas dóibh maidir le ciall a scóranna.

Cinntíonn bainistíocht éifeachtúil an phróisis tástála gur féidir le scoláirí eolas ó thrialacha síciméadrach a thuiscint go héifeachtúil agus go n-ullmhaítear iad chun plé le tástáil shíciméadrach amach anseo. Scrúdóidh an t-alt seo caighdeáin an dea-chleachtais laistigh de chomhthéacs idirnáisiúnta agus déanfar suntas de cheisteanna eitice agus dlí a d'fhéadfadh a bheith ann, a bhaineann le húsáid na dtrialacha síciméadracha in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Eochairfhocail

Difríochtaí Aonair, Treoirchomhairleoireacht, Caighdeáin tástála, Tástáil Shíciméadrach, Oiliúint do Thástáil Shíciméadrach, Tástáil Inniúlachta, Aiseolas ó Thástáil Shíciméadrach, Tástáil atá Cothrom ó thaobh an Chultúir de, Cothroime sa Tástáil.

1. Réamhrá

1.1. Forbhreathnú ar Shíciméadracht

Is léir, mar dhaoine daonna, go bhfuil neart riachtanas síceolaíochta againn. Cuireann William Glasser (1925-2013), a d'fhorbair teiripe réaltachta agus teoiric an rogha, i gcuimhne dúinn na bunriachtanais daonna a d'aithin sé (marthanacht, saoirse, neart, spraoi, agus muintearas). Ó thaobh na teorach de, tá an gá le cuidiú leis na scoláirí uile a mhothú gur féidir leo a bheith “muinteartha” le domhan na hoibre agus “neart” a mhothú (m.sh. mothúchán dá gcumas féin) bunúsach.

Mar sin féin, chomh maith leis na riachtanais choitianta sin tá inniúlachtaí, spéiseanna agus spreagthaí éagsúla ag scoláirí. Toisc go bhfuil neamhshiméadracht sna héagsúlachtaí sin, tá obair an treoirchomhairleora níos deacra. Tharla forbairt na síciméadrachta mar thoradh ar an mian leis na difríochtaí aonair seo a thuiscint, agus le taitil a bhaint faoin gcaoi ina bhféadfadh daoine athrú agus iompair sa todhchaí. Go luath san fhichiú céad, mheas lucht oideachais na Fraince go raibh neart leanaí á bhfágáil ar chúl i seomraí ranga bunscoile. D'fhonn luathfholáireamh a fhorbairt fúthu siúd a d'fhéadfadh tacaíocht speisialta a bheith de dhíth orthu iarradh ar Alfred Binet (1857-1911), cleachtóir leighis, “inniúlacht foghlama” a thomhas go hoibiachtúil mar tháscaire ar riachtanais oideachais éagsúla. Tháinig an tsíciméadracht chun cinn de bharr a ratha sa tasc seo.

Is éard is síciméadracht ann ná an brainse sin den tsíceolaíocht a bhaineann le difríochtaí aonair a thomhas go córasach. Ag leanúint ar aghaidh ó Binet, dhírigh síceolaithe ar réimse níos leithne de dhifríochtaí aosaigh agus tosaigh siad ar chineálacha pearsantachta a idirdhealú (Jung, 1875-1961) agus tréithe pearsantachta éagsúla a thomhas (Catell, 1905-1998). Mar thoradh ar na hiarrachtaí chun tomhas a dhéanamh ar, ní hamháin éirim, ach freisin spéiseanna, pearsantacht agus spreagthaí dhaoine, tá réimse leathan de thrialacha síciméadracha ann. Cuirtear na trialacha seo i bhfeidhm ar neart tréithe d'ár saolta, ó scoileanna agus comhlachtaí, go clinicí meabhairshláinte agus príosúin, chun cuidiú linn iompraíocht an duine a thuiscint agus a thuar.

1.2. Tástáil Shíciméadrach

Aibhsíonn caighdeán tástála idirnáisiúnta dhá chatagóir leathan de thrialacha síciméadracha: trialacha inniúlachta agus tomhais féin-tuairiscithe. Meastar gur tomhais iad trialacha inniúlachta ar fheidhmíocht uasta agus tá siad ceaptha le cumas foghlama an ghlacadóra tástála a thomhas. Tá freagra cearta nó míchearta ag trialacha inniúlachta agus meastar gur tomhas iontaofa iad ar inniúlacht dhuine i réimsí cumais ar leith (m.sh. béil, uimhríochta nó teibí). Déantar dian-amú ar thrialacha inniúlachta, agus féachann siad leis an luas a aithint ina ndéanann glacadóirí tástála eolas a réasúnú agus a phróiseáil. Is éifeachtúla iad ag tuar an luais lena bhfoghlaimeoidh duine scileanna nua nó cé chomh héifeachtúil agus a dhéileáilfidh siad le timpeallacht ina bhfuil gá le fadhbréiteach cognaíocht neamhghnách. Is fiú a nótáil, cé gur féidir le “luas foghlama” luas a chur faoin dul chun cinn i ngairm an duine (ach go háirithe sna céimeanna tosaigh), éiríonn formhór na bpost gnách le himeacht ama agus éiríonn tosca neamh-chognaíochta níos tábhachtaí do rath gairme.

Ar an taobh eile den scéal, déanann tomhais féintuairiscithe measúnú ar cháilíochtaí nó tréithe pearsanta amhail pearsantacht, spéiseanna agus spreagadh. Tomhais is ea iad ar fheidhmíocht thipiciúil agus níl aon fhreagraí acu atá ceart nó mícheart amach is amach. Is í

an aidhm atá na tomhais seo ná méin thipiciúil nó rogha méine an duine aonair aithint, mar atá tugtha le fios ag an nglacadóir tástála. Is féidir le féintuairiscí, nuair a úsáidtear mar is cuí iad, cuidiú le féintheasacht na nglacadóirí tástála a fhorbairt. Féachann tomhais inniúlachta agus féintuairiscithe araon le difríochtaí aonair a thomhas go córasach sa chaoi is gur féidir taitail réasúnta a bhaint maidir le hiompraíocht is dócha a bheidh ann amach anseo.

1.3. Úsáid na Tástála Síciméadraí i Meánscoileanna na hÉireann

Sula bhfhéachfaimid ar úsáid na tástála inniúlachta i scoileanna na hÉireann ba mhaith linn “dúshlán na difríochta” a chur i gcomhthéacs. Is cuid mhór de shaol na scoile in Éirinn iad trialacha gnóthachtála. Cuireann siad eolas ar ardchaighdeán ar fáil do mhúinteoirí, ar féidir a úsáid chun cinntí a dhéanamh maidir le cad atá á fhoghlaim ag scoláire agus conas atá scoláire ag foghlaim, agus atá bainteach le curaclam. Tá taithí ag múinteoirí déileáil leis na difríochtaí sa ghnóthachtáil a dhéanann scoláirí éagsúla. Is féidir leo leas a bhaint as réimse leathan straitéisí chun spreagadh agus misneach a thabhairt do scoláirí nach n-éiríonn chomh maith sin leo i scrúduithe scoile, seachas a rá leo nach bhfuil siad chomh hinniúil ná chomh hábailta sin.

Chun comhthéacs a chruthú cuirfimid na trialacha gnóthachtála agus na trialacha inniúlachta i gcodarsnacht lena chéile (na trialacha síciméadracha is coitianta a úsáidtear i scoileanna na hÉireann). Tá na trialacha inniúlachta deartha le bheith measartha neamhspleách ón curaclam agus tréithe níos seasmaí agus níos fadtéarmaí a thomhas seachas gnóthachtáil na foghlama. Dá bhrí sin is féidir breathnú ar na trialacha gnóthachtála mar thomhas ar “a bhfuil ar eolas ag an nglacadóir tástála”. I gcontrárthacht leis seo, tá tástáil inniúlachta deartha chun a bhfuil siad “in inmhe a bheith ar eolas acu” a thomhas. Tá i bhfad níos mó aitheantais tugtha don tomhas a dhéantar ar a bhfuil scoláire “in inmhe a bheith ar eolas aige/aici” seachas “a bhfuil ar eolas ag an nglacadóir tástála”.

Is dúshlán é leagáid Binet d’úsáideoirí trialacha atá ag déileáil le scóir tástála inniúlachta níos ísle. Agus na trialacha inniúlachta in úsáid ní mór dúinn a bheith ar an eolas faoi na contúirtí a bhaineann le baint ó na scoláirí atá ag iarraidh a bheith “inniúil” (go mothaíonn sé/sí a bhféinchumas féin). Ag an am céanna ní féidir linn neamhaird a dhéanamh de réadúlacht na héagsúlacht. Má dhéanaimid an cumas bunúsach a mheas mar rud éagsúil, cé go bhfuil na riachtanais chéanna ag scoláirí le bheith inniúil, caithfimid a bheith ullmhaithe chun tabhairt faoin gcaoi ina ndéanann na torthaí iad siúd a rinneadh measúnú orthu mothú nach bhfuil siad “in inmhe bheith ar an eolas”. Is léir go bhfuil freagracht shuntasach ar úsáideoirí na n-uirlisí a bhfuil i gceist a leithéid de chumas bunúsach a mheas dá gcliaint.

Tá Imlitir 0034/2015 foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) maidir le hionstraimí measúnachta (lena n-áirítear trialacha agus acmhainní gréasánbhunaithe), atá ceadaithe le húsáid le haghaidh treorach agus/nó tacaíocht foghlama in iar-bhunscoileanna.

San Imlitir tugtar soiléiriú freisin maidir le hionstraimí measúnaithe a roghnú agus a riar, eolas measúnaithe a léirmhíniú agus a choinneáil, agus aiseolas a sholáthar. http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0034_2015_ir.pdf

Tá sé suntasach nach n-áiríonn Imlitir ROS bearta féin-tuairisce ar phearsantacht toisc nach gceaptar go bhfuil siad oiriúnach le húsáid le scoláirí.

Éilíonn bearta féin-tuairisce ar phearsantacht go mbeidh leibhéal ard ann d'fhéinfheasacht chun an tairbhe is mó a bhaint astu. Dá bhrí sin, b'fhéidir nach mbeidh uirlisí dá leithéid chomh hoiriúnach sin le húsáid le scoláirí dara leibhéal.

Go stairiúil, is iad na trialacha inniúlachta is minice a úsáidtear i meánscoileanna na hÉireann ná na Trialacha Inníúlachta Cognaíocha (TICanna) agus na Trialacha Éirime Dífreálacha (TÉDanna). Bhí an-tóir ar na TÉDanna, agus chuir an tIonad Taighde Oideachais (ITO) i gColáiste Phádraig, Droim Conrach leagan a bhí sách íseal ó thaobh costais de. Déanann trialacha ar nós na TÉDanna agus na TICanna inniúlacht nó éirim scoláire a thomhas i réimsí cognaíocha éagsúla (féach ar Thábla 1) agus is féidir iad a úsáid le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht acadúil nó deacrachtaí foghlama a d'fhéadfadh a bheith ann a aimsiú. Mar shampla, bheimis ag súil go dtaispeánfaí spící agus loig i réimsí éagsúla de

Inniúlacht Ghinearálta	Bun-chomhpháirteanna	Éirimí ar Leith	Trialacha Samplacha
Inniúlacht Ghinearálta (G) = SI	Intleacht Acadúil (Gf)	An Réasúnaíocht Bhriathartha	Líofacht bhriathartha
		An Réasúnaíocht Uimhriúil	Tuiscint bhriathartha
			Ag obair le hUimhreacha
		An Réasúnaíocht Mheicniúil	Léirmhíniú a dhéanamh ar Shonraí
			Ag baint úsáide as Luamháin agus Ulóga
	Intleacht Neamhacadúil	An Réasúnaíocht Neamhbhriathartha/Theibí nó	Seichimh Fíoracha/ Aithint Patrún
		An Réasúnaíocht	Tréithe mar a Chéile
			Rothlú 3T
		Luas aireachtála	Profáil/ Seiceáil/ Comhadú

phróifíl scoláire a mbeadh deacrachtaí foghlama aige/aici (féach ar Fhíor 2).

Tábla I Bun-chomhpháirteanna de Mheasúnuithe Cognaíocha

Ar an 6 Meán Fómhair, 2013 d'fhógair an ITO go raibh sé i gceist gan leanúint le tacaíocht a thabhairt do na TÉDanna faoi mhí Lúnasa 2016, nuair nach ndáilfidh siad a thuilleadh aon cheann de na hábhair TÉD. Mhol siad d'úsáideoirí soláthraithe eile a lorg ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin tá deireadh á chur le Triail Réasúnaíochta Dhroim Conrach (TRDC) de réir a chéile ach tá sé beartaithe leaganacha comhthreomhara ar an ríomhaire agus ar pháipéar den TRDC a bheith ar fáil ón Earrach i 2016.

Faoi láthair is cleachtas comónta é trialacha éirime a riar ar ghrúpaí móra sa cheathrú agus sa chúigiú bliain dá gcuid meánscolaíochta. Go minic baineann na treoirchomhairleoirí úsáid as na torthaí chun cuidiú leo eolas a thabhairt agus tionchar a imirt maidir le rogha ábhar don Ardteistiméireacht nó maidir leis an rogha i ndiaidh na hArdteistiméireachta. Ar liosta na measúnuithe foirmiúla atá faofa ag an ROS ar shuíomh gréasáin na Roinne (http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/list_approved_tests.pdf) tá líon trialacha a dhíríonn ar an inniúlacht neamhacadúil san áireamh freisin a d'fhéadfaí a úsáid chun éirimí aigne níos iomlaoidí a aithint áit a bhfuil scoláire ag tearcfheidhmiú go hacadúil. San áireamh sa samplaí de thrialacha éirimí aigne neamhacadúil tá trialacha foclóra i bpictiúir, trialacha Inniúlachta Soiléire, trialacha Neamhbhriathartha Naglieri agus trialacha éirimí aigne Réimse Leathan. Is gá riarachán aonair do líon mór de na measúnuithe seo agus de ghnáth beidh níos mó taithíochta nó oiliúna níos doimhne de dhíth.


Rinneadh réimse leathan d'Fhardail Spéiseanna a bhfuil airíonna síciméadracha acu a fhaomhadh freisin le húsáid ag an léibhéal iar-bhunscoile. Faomhann an ROS úsáid na bhfardal spéiseanna seo (e.g., Treoruithe Gairme, Fardal Spéiseanna Gairme) chun cuidiú le comhairle a chur ar scoláirí maidir le roghanna gairme agus breisoideachais. Déanann fardail spéiseanna na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis an duine aonair a thomhas go córasach do na cinéalacha éagsúla oibre agus gníomhaíochtaí, agus dá bhrí sin, is léir go bhfuil baint acu leis an ngairmthreoir i meánscoileanna.

2. Cumas Úsáideora Trialach agus Dea-Chleachtas

Ní rud nua é “dúshlán na difríochta” don phobal tástála idirnáisiúnta agus le fiche bliain anuas chonacthas sraith chomónta de chaighdeáin ag teacht chun cinn lena chinntiú go mbaineann úsáideoirí trialacha úsáid as “toiliú feasach” agus “aiseolas cuiditheach”. Ba chóir do threoirchomhairleoirí a bhfuil baint acu le tástáil shíiciméadrach a bheith ar an eolas faoi cad é atá i gceist le bheith ina n-úsáideoir trialach cumasach agus glacadh leis na caighdeáin dea-chleachtas a úsáidtear i dtrialacha. Déanann treoirlínte an Choimisiúin Trialacha Idirnáisiúnta (CTI) d’Úsáid Trialacha cur síos ar úsáideoir trialach cumasach mar dhuine a bhainfidh “úsáid as na trialacha go hiomchuí, go gairmiúil agus ar bhealach eiticiúil, ag tabhairt airde mar is cuí ar chearta gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tástála, cúiseanna leis an tástáil, agus an comhthéacs níos leithne ina dtarlaíonn an tástáil” (Treoirlínte an CTI, 2000).

Ba chóir do threoirchomhairleoir atá ag cur na caighdeáin is fearr i bhfeidhm a c(h)umas sna cúig phríomhréimse; Riarachán, Scóráil, Léirmhíniú, Aiseolas agus Meastóireacht. Bunúis na úsáide trialacha cumasaí is ea tuiscint a fháil ar theorainneacha úsáid na dtrialacha agus bheith ar an eolas faoi na céimeanna dea-chleachtas. Agus na caighdeáin dea-chleachtas á gcur i bhfeidhm, ba chóir do threoirchomhairleoirí atá ag tabhairt faoi úsáid trialacha d’fhonn treoir a chur ar fáil, breathnú freisin ar an gcomhthéacs tástála níos leithne. Tá sé tábhachtach, mar úsáideoirí trialacha nach leagaimid an iomarca béime ar na buntáistí a bhaineann le tástáil a dhéanamh agus gan aird a thabhairt ar na teorainneacha atá ann agus sonraí a úsáid a fuarthas as sraith de mheasúnuithe gearra cognaíocha, a glacadh in aon nóiméad amháin. Trí bhreathnú ar an gcomhthéacs níos forleithne ba chóir go bhfeicfí na treoirchomhairleoirí ag tabhairt faoina leithéid ceisteanna ar nós: cad iad na tréithe a bhaineann le gairmeacha éagsúla; cad iad na sonraí a thabharfaidh an cuidiú is fearr dom chun measúnú a dhéanamh ar na tréithe seo; agus conas a bhainim úsáid as na trialacha roghnaithe go gairmiúil (Fíor 1).

**Saincheistean
na comhthéacs**



Fíor I Cúrsaí Treorach Dea-Chleachtais

Leis na saincheisteanna comhthéacs níos leithne cuirtear i gcuimhne dúinn nach bhfuil sna trialacha síciméadracha ach uirlis amháin agus tuiscint ar roghanna gairme an chliant a fhorbairt. Níor chóir dúinn píosa sonraí tástála leis féin a úsáid riamh mar bhunús chun slí ghairme ar leith a mholadh nó gan a mholadh. Agus níor chóir léirmhíniú a dhéanamh ar na sonraí atá as an gcomhthéacs ach an oiread. Sa chaoi is go n-éilítear ar fhostóirí ó thaobh dlí de (*An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 2004*) a chinntiú go bhfuil sé soiléir go bhfuil baint ag na sonraí tástála a úsáidtear agus cinnteoireacht á déanamh maidir le roghnú leis na héilimh poist, ba chóir don lucht gairmiúil treorach a thuiscint freisin conas a bhaineann an úsáid a bhaintear as trialacha leis na dúshlán poist agus gairme chúí. Agus sinn ar an eolas faoin gcomhthéacs seo atá níos leithne agus faoi na ceisteanna eiticiúla, tá an plé a dhéanaimid ar an dea-chleachtas sa tástáil shíciméadrach briste síos againn sna codanna éagsúla seo a leanas: Rogha Trialach, Ullmhúchán agus Riarachán Trialach, Cothroime sa Scóráil agus sa Léirmhíniú, Rúndacht sa Tástáil, Stóráil agus Rochtain ar Ábhair agus Aiseolas Scríofa agus ó Bhéal.

2.1. Rogha Trialach

Cuid mhór de bheith mar úsáideoir trialach cumasach is ea an t-eolas agus tuiscint riachtanach a bheith agat chun na trialacha a roghnú go hiomchuí. Go minic bíonn tosca áirithe le cur san áireamh, agus eolas le fáil, d'fhonn an triail chuí a roghnú le húsáid ag an leibhéal iar-bhunscoile. Ní mór d'úsáideoir na trialach breathnú ar rudaí ar nós: cad iad riachtanais an chliaint? An bhfuil an triail oiriúnach don aidhm seo (bailíocht)? Cé chomh cruinn is atá an triail a roghnaíodh (iontaofacht) agus conas a bheadh taithí na trialach mar bhuntáiste nó mar chontúirt don ghlacadóir tástála scoláire?

Ó thaobh cúrsaí síciméadracha ba chóir go mbeadh tionchar go príomha ag bailíocht ghaolmhar agus iontaofacht na trialach ar rogha na trialach. Ba chóir iad seo a shocrú trí bhreathnú ar an mbaint atá ag an triail leis na tréithe a bhfuil measúnú le déanamh orthu (bailíocht) agus an dóchúlacht go mbeidh earráid sna modhanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar na tréithe seo (iontaofacht). Sula roghnaítear an triail ba chóir d'úsáideoir na trialach a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi na príomhchineálacha inniúlachtaí cognaíocha (féach ar Thábla 1), conas a bhfuil baint acu lena chéile, agus an buntaighde ar an gcaoi ina bhfuil baint ag na hinniúlachtaí seo leis na fíorthorthaí. Le linn chinnteoireacht na trialach, is fiú freisin athbhreithniú a dhéanamh ar na lámhleabhair foilsitheora trialach le heolas teicniúil a fháil ar iontaofacht agus noirm daonra na dtrialacha, etc. Sula dtugtar faoi phróiseas tástála.

2.2. Ullmhúchán agus Riarachán Trialach

Mar thoradh ar sheisiún riaracháin gairmiúil beidh a fhios ag na cliaint go díreach cad atá ar siúl acu, chomh maith le léiriú réasúnaíochta soiléire a fháil ar an gcaoi agus an chúis a mbeadh sé seo mar thairbhe dóibh. Go hiondúil ciallaíonn sé seo béim a bhaint den phróiseas measúnaithe mar uaireanta bíonn scoláirí cráite leis an bpróiseas ag ceapadh go bhfuil cumhachtaí aige atá beagnach draíochtúil. Is gá go mbeadh na trialacha i suíomh ina bhfuil siad mar léiriú d'am na huair den fheidhmíocht agus gan bheith mar thomhas iomlán den bhua i bhfad sula dtosaíonn an seisiún. Leagann treoirlínte idirnáisiúnta béim ar an tábhacht a bhaineann le tabhairt faoin ullmhúchán trialach cuí agus an dea-chleachtas a leanúint le linn riarachán na trialach (EFPA, 2012). Sula dtosaítear ar riarachán na trialach, ba chóir do na treoirchomhairleoirí eolas a scaipeadh ar na scoláirí maidir le cuspóir na tástála, conas a d'fhéadfaidís na torthaí a úsáid, agus rochtain ar na sonraí (EFPA, 2012, Lch. 12) <http://www.schoolguidancehandbook.ncge.ie/docs/000003/data-protection-for-the-guidance-counsellor.pdf>. I suíomh oideachasúil, tá sé tábhachtach freisin na hiarmhairtí a bhaineann le triail a dhéanamh nó gan a dhéanamh a mhíniú ionas go ndéantar na scoláirí agus na tuismitheoirí a ullmhú i gceart agus go ndéantar a bhfuiltear ag súil leis a bhainistiú dá réir. Beidh ionchur ag na gníomhaíochtaí seo i gcúrsaí eiticiúla agus toiliú feasach á fháil. Sa dea-chleachtas deirtear gur chóir don úsáideoir trialach cumasach “toiliú soiléir na nglacadóirí tástála nó toiliú soiléir a gcaomhnóirí dlíthiúla nó a n-ionadaithe a fháil sula ndéantar aon tástáil” (CTI, 2000, 2.4.5).

Clúdaíonn ullmhúcháin eile na hábhair trialach riachtanacha eile a fháil (lena n-áirítear aon ábhair mhionathraithe dóibh siúd a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta acu/ atá faoi mhíchumas) agus a chinntiú go bhfuil timpeallacht tástála oiriúnach a dhéanfaidh na nósanna imeachta measúnaithe caighdeánaithe a éascú. Go hiondúil ciallaíonn sé seo a chinntiú go bhfuil na glacadóirí tástála uile ullmhaithe de réir a riachtanas agus go ndéantar iad a ullmhú de réir mar is cuí. Sa chás go mbíonn riarachán ar ghrúpa faoi mhaoirseacht, d'fhéadfaí

earráid a thabhairt isteach mura bhfuil dóthain riarthóirí ar fáil chun cuidiú leis na samplaí a mhíniú le linn na tástála.

Mar a bhíonn le grúpa scoláirí ar bith, beidh difríocht idir na glacadóirí tástála ó thaobh an chúlra chultúrtha agus cad a bhfuiltear ag súil leis. Mura mbítear mothálach ó thaobh na saincheisteanna seo b'fhéidir nach ndéanfaí inniúlacht fhollaigh scoláire a mheas i gceart agus bheadh tionchar mór aige seo ar an scoláire a spreagadh sa todhchaí de bharr phróisis mheasúnaithe neamhiontaofa ar tugadh an iomarca creidiúint dó. Leis na difríochtaí sa chomhthéacs cultúrtha agus sa tuiscint chultúrtha d'fhéadfaidís tionchar a imirt ar a bhfuiltear ag súil agus ar an mbonn sin ba chóir go mbeadh riarthóirí i gcónaí ar an eolas faoi cad é a chiallaíonn "tástáil inniúlachta" a dhéanamh do gach scoláire ar leith agus/ nó dá dteaghlach. Sa chás go bhfuil difríochtaí cultúrtha aitheanta idir iad siúd a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu tá sé tábhachtach a chinntiú nach bhfuil an triail í féin claonta ó thaobh an chultúir de (i.e., i bhfabhar cultúir amháin thar ceann eile).

D'fhéadfadh difríochtaí i ngrúpaí ó thaobh feidhmíochta de ar thrialacha síciméadracha a bheith ann de bharr tosa ar nós an stádas socheacnamaíoch, an cúlra oideachasúil, an teanga. Tá sé tábhachtach roimh an riarachán trialach go n-aithníonn na treoirchomhairleoirí aon chomhréitigh a dhéanfaidh aon éifeacht éagórach chontrártha a mhaolú. Ba chóir d'úsáideoirí trialacha a chinntiú go bhfuil na scoláirí in ann measúnuithe briathartha a dhéanamh ina dteanga dhúchais má tá sé i gceist aon tástáil a bhaint as faoin inniúlacht réasúnaíochta ghinearálta. Is fiú a nótaíl, má dhéantar na measúnuithe a fhorbairt sa teanga chuí nach n-oibreoidh sé seo i gcoinne difríochtaí i ngrúpaí i gcónaí toisc go bhfuil seans ann nach n-aistreoidh an comhthéacs, an teanga agus/nó na híomhánna a úsáidtear thar culúir dá réir. Mar sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go dtugann na measúnóirí aird réasúnta orthu siúd a thagann ó chúlraí cultúrtha éagsúla le linn riarachán na trialach agus go mothaíonn siad compordach agus ar a suaimhneas. Feictear go bhfuil trialacha neamhbhriathartha (aithint patrún mar shampla) níos cothroime ó thaobh cultúir de seachas na trialacha ina bhfuil níos mó focal nó a dhíríonn níos mó ar chúrsaí acadúla.

I gcás scoláire atá faoi mhíchumas fisiceach (e.g. lagú amhairc) ní mór dúinn breathnú ar chomhréitigh réasúnta ar nós a chinntiú go bhfuil na hábhair trialach (e.g., cló mór) agus timpeallacht na trialach (e.g., soilsiú) oiriúnach. Ba chóir don treoirchomhairleoir na comhréitigh a aithint freisin agus comhréitigh oiriúnacha a dhéanamh do scoláirí a dhírigh aird ar mhíchumais atá faoi cheilt ar nós an disléicse. Mar shampla, d'fhéadfaí an fhaisnéis chuí a ionchorprú isteach san ullmhúchán agus riarachán trialach chun inniú an ghlacadóra thástála a laghdú agus chun am breise a thabhairt do na glacadóirí tástála a bhfuil disléicse orthu nuair is gá.

2.3. Cothroime sa Scóráil & Léirmhíniú

Mar a aibhsítear sa tuarascáil ar fad, díríonn an tsíciméadracht ar thomhas na ndifríochtaí aonair agus dá bhrí sin, déantar na freagraí a mheas agus a scóráil. Ba chóir scóir na trialach a chomhordú agus a scóráil i gcomhthéacs critéar atá sainmhínithe go soiléir. I gcuid mhór cásanna, áit a ndéantar trialacha a riar ar líne, déantar amach scóir na dtrialacha go huathoibríoch. Agus scóráil á dhéanamh de lámh, ba chóir don úsáideoir trialach tagairt a dhéanamh do na nósanna imeachta scórála atá sna lámhleabhair trialach (EEPA, 2012). Ba chóir don úsáideoir trialach cumasach a bheith ar an eolas faoi na córais scórála éagsúla freisin agus conas iad a úsáid go hiomchuí agus léirmhíniú á dhéanamh ar scóir na trialach agus aiseolas á thabhairt. Mar shampla, caithfidh úsáideoirí trialacha an gnáthdháileadh a thuiscint agus a bheith ar an eolas faoin gcontúirt atá ann go ndéanfadh na cliaint na

difríochtaí peircintíle gar don mheán a rómheas, de bharr na n-éifeachtaí rangaithe. Ní mór léirmhíniú a dhéanamh ar na scóir trialacha ar bhonn na normghrúpaí a thógtar ó dhaonraí níos mó a bhfuil tréithe acu atá cosúil leo siúd den daonra cliaint. Tá an t-úsáideoir trialach freagrach as a chinntiú go bhfuil na conclúidí a bhaintear as an gcomparáid a dhéantar idir na scóir agus na noirm oiriúnach do na daoine a dhéantar tástáil orthu (CTI, 2000, 2.6.5).

Ba chóir go mbeadh an t-úsáideoir trialach cumasach bheith in ann “anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar thorthaí na trialach go hiomchuí” (EFPA, 2012, 2.4, Lch. 9). Leis an léirmhíniú cuí a dhéanamh ar thorthaí trialach cognaíocha tá gá le tuiscint mhaith ar na comhpháirteanna trialach cognaíocha (féach ar Thábla 1) agus “tuiscint mhaith ghairmiúil ar bhonn teoiriciúil nó coincheapúil na dtrialacha” (CTI, 2000, 2.7.1, Lch. 21). Leis an léirmhíniú cuí is gá duit freisin “an t-eolas atá ar fáil faoin nglacadóir tástála a chur san áireamh agus aird chuí á tabhairt do chomhthéacs na tástála, na coinníollacha, na modhanna agus na móid; tréithe teicniúla na trialach; agus riachtanais na measúnuithe” (EFPA, 2012, 2.4, A, Lch. 9). Tá sé tábhachtach, le linn an léirmhínithe, go n-aithníonn an treoirchomhairleoir agus an glacadóir tástála scoláire aon tosca a mbeadh tionchar acu ar a scóir. Má bhíonn éagsúlachtaí sna nósanna imeachta tástála caighdeánaithe, d’fhéadfadh a leithéid de chur isteach le linn an riaracháin tionchar diúltach a imirt ar an bhfeidhmíocht ar an lá. D’fhéadfadh earráid a bhaineann leis an iarrthóir, ar nós imní tástála nó taithí tástála roimhe seo, tionchar a imirt ar fheidhmíocht an scoláire freisin sa triail. Má chuirtear iad seo le chéile, tabharfaidh na héagsúlachtaí seo earráid tomhais isteach. Tá sé tábhachtach an earráid imeallach seo a thuiscint le linn na léirmhínithe agus beidh ionchur aige seo in aiseolas éifeachtach a thabhairt do na glacadóirí tástála.

Mar úsáideoirí trialacha freagracha, is gá dúinn “aird ar leith a thabhairt do na saincheisteanna cothroime sa tástáil” (EFPA, 2012, 2.3, P. 8) agus ar an mbonn sin éifeacht éagórach chontrártha agus claontacht tástála a sheachaint. Tagraíonn an éifeacht chontrártha do dhifríochtaí i ngrúpaí san fheidhmíocht ar thrialacha síciméadracha. I gcuid mhór cásanna, tarlaíonn an éifeacht chontrártha de bharr fíordhifríochtaí i ngrúpaí seachas aon bhunchlaontacht tástála. Mar sin féin, mar úsáideoir trialach cumasach táimid freagrach as aon áit ina mbeadh éifeacht chontrártha ar thástáil éagórach agus ina mbeadh leithcheal éagórach i gceist dá mbainfí úsáid as le cinneadh a dhéanamh. Tarlaíonn claontacht tástála nuair nach ndéanann mír amháin den phróiseas tástála an fhíor-inniúlacht atá ag duine a mheas go córasach i gceart sa réimse a bhfuil measúnú á dhéanamh air (e.g., gan dóthain ullmhúcháin trialach a bheith ann do ghrúpa mionlaigh, tástáil a dhéanamh ar inniúlacht réasúnaíochta bhriathartha an duine i dteanga nach bhfuil siad líofa ann). Tá gá le céimeanna chun an chlaontacht trialach a laghdú. Is féidir an chlaontacht tástála a rialú tríd an roghnú trialach cuí, próiseas faisnéise a aithníonn riachtanais speisialta, agus riarachán trialach atá bainistithe go maith.

Agus tástáil shíciméadrach á déanamh i scoileanna, ní mór comhréitigh réasúnta a dhéanamh dóibh siúd atá faoi mhíchumas fisiceach, dóibh siúd a dhéantar tátal disléicse orthu, nó dóibh siúd a bhfuil lagú amhairc nó éisteachta orthu. Sna cásanna seo, le linn ullmhúcháin trialach, is féidir linn céimeanna a ghlacadh chun tástáil chothrom a chur chun cinn agus claontacht tástála a sheachaint. Is é atá i gceist ina leithéid céimeanna ná a chinntiú go bhfuil an mód riaracháin tástála oiriúnach do na glacadóirí tástála uile, a chinntiú go bhfoilsítear na hábhair trialach i dteanga dhúchasach na nglacadóirí tástála uile agus go bhfuil teacht orthu ag gach duine agus a chinntiú gur féidir an measúnú roghnaithe a ghinearalú thar cultúir. Go bunúsach, is féidir claontacht tástála a laghdú tríd an gcaighdeánú a chinntiú agus trí chloí leis na príonsabail dea-chleachtais.

2.4. Rúndacht sa Tástáil, Stóráil agus Rochtain ar Ábhair Tástála

Mar úsáideoir trialach eiticíúil, ní mór duit a chinntiú go gcoinnítear na hábhair trialacha go sábháilte agus go ndéileáiltear leis na torthaí trialacha go rúnda (EFPA, 2012). Ba chóir d'úsáideoirí trialacha a chinntiú nach ndéantar ábhair trialacha a dháileadh go héasca. Áit a mbaintear úsáid as trialacha le roghnú a dhéanamh, bheadh sé mar mhíbhuntáiste soiléir d'iarrthóirí áirithe dá bhfaigheadh daoine nach raibh an t-údarás tugtha dóibh na hábhair trialacha. Chruthódh sé seo cineál áirithe claontachta tástála. I gcomhthéacs gairmthreorach cuirfear ábhar agus caighdeán an aiseolais a gheobhaidh na cliaint iad féin i mbaol más rud é go bhfuil an iomarca eolais acu maidir leis an triail. Tá an fhreagracht ar úsáideoir na trialach cóip chrua de na hábhair a stóráil go sábháilte agus an rochtain ar na measúnuithe ar líne a rialú. Is fiú a nótaíl freisin go bhfuil na hábhair tástála faoi réir dhlí an chóipchirt agus na gcomhaontuithe agus níor chóir iad a chóipeáil ná iad a scaipeadh ar dhaoine eile gan chead (CTI, 2000).

Mar atá luaite thuas, ba chóir don úsáideoir trialach déileáil leis na torthaí trialach faoi rún. Ar chúiseanna dlíthiúla agus eiticíúla ní mór duit a chur in iúl do na glacadóirí tástála, roimh an riarachán tástála maidir le cé a bheidh in ann rochtain a dhéanamh ar a dtorthaí agus cé chomh fada is a bheidh siad coinnithe. Tá tú freagrach mar an t-úsáideoir trialach rialú a dhéanamh maidir le cé atá in ann fáil ar na torthaí seo. Beidh feidhm freisin ag *An tAcht um Chosaint Sonraí 1998* áit a bhfuil scóir trialach i mbogearraí ríomhaire. Is leis an nglacadóir tástála scoláire a dtorthaí tástála féin agus dá bhrí sin tá siad i dteideal athbhreithniú nó rochtain a dhéanamh orthu nuair a cheapann siad go bhfuil sé riachtanach. Tá an ceart acu freisin a bheith ar an eolas faoin áit ina stóráilfear a dtorthaí, conas a bhainfear úsáid astu agus cé a bheidh in ann teacht orthu. Níor chóir torthaí trialacha a stóráil ar feadh tréimhse éiginnte agus dá bhrí sin ba chóir ullmhúcháin a dhéanamh le go ndéanfaí na torthaí a scríos tar éis tréimhse ama áirithe.

2.5. Aiseolas Scríofa & Ó Bhéal

De réir na dTreoirínte Idirnáisiúnta um Úsáid Trialacha, tá an fhreagracht ar na húsáideoirí trialacha “a chinntiú go gcuirtear torthaí na nglacadóirí tástála” in iúl dóibh siúd agus do na daoine ábhartha eile go soiléir agus go cruinn “ar bhealach tacúil agus cuiditheach” (CTI, 2000, Lch. 22). I bhFíor 2 thíos tá léaráid de chairt phróifíle curtha ar fáil a d'fhéadfaí a úsáid chun na torthaí a chur i láthair ar shraith trialacha inniúlachta cognaíocha.

Peircintílí	<p style="text-align: center;">2 6 12 21 34 50 66 79 88 94 98</p> <p style="text-align: center;">1 4 8 16 27 42 58 73 84 92 96 99</p>									
ScóirT	<p>20 24 28 32 36 40 44 48 52 56 60 64 68 72 76 80</p> <p>22 26 30 34 38 42 46 50 54 58 62 66 70 74 78</p>									
Réasúnaíocht Bhriathartha									
Réasúnaíocht Uimhriúil									
Réasúnaíocht Theibí									
Réasúnaíocht Mheicniúil									
STenanna	1 2 3 4 5 6 7 8 9 10									
Sten/ aidiachtaí	Tearcfheidhmíocht shuntasach i gcomparáid le daoine eile	I bhfad os cionn an mheáin	Faoin meán	Rud beag faoin meán	Mar an gcéanna le scoláirí eile	Os cionn an mheáin	I bhfad os cionn an mheáin	Thar a bheith os cionn an mheáin	Feidhmíocht den scoth	
IV Gráid/ aidiachtaí	D'fheidhmigh i bhfad faoin meán		feidhmíocht faoin meán	Leibhéal meánach feidhmíochta		Feidhmíocht os cionn an mheáin	= I bhfad os cionn an mheáin/ sárfeidhmíocht			

Cé gur uirlis úsáideach é cairt phróifíle, ba chóir don úsáideoir a bheith ag súil leis na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus an chairt in úsáid, leo siúd nach mbeadh ar an eolas faoi theicniúlachtaí na tástála. Léiríonn an sampla den dea-chleachtas ar an gcéad leathanach eile conas a chuirfimis aiseolas trialacha i láthair cliant go cuiditheach ar bhealach neamhtheicniúil:

“Anois, a Mhíchil, an cuimhin leat gur chríochnaigh tú rud ar a nglaoimid measúnú réasúnaíochta uimhriúla. Leis seo breathnaítear ar cé chomh maith is a oibríonn tú le huimhreacha. An cuimhin leat na ceisteanna gearra seo a dhéanamh, mar a dhéanann tú sa rang Mata b’fhéidir?” (Taispeáin an leabhrán measúnaithe agus na míreanna réasúnaíochta uimhriúla do Mhicheál)

“An cuimhin leat iad seo?” / “An bhfuil a fhios agat cad iad seo?” (Déan deimhin de go seiceálann tú go leanúnach go dtuigeann Mhicheál)

“Conas a d’éirigh leat leis na cineálacha ceisteanna seo, a Mhíchil?” (B’fhéidir nach raibh dóthain ama ag Mhicheál)

“Níl mórán ama i gceist a Mhíchil, nuair atá na cineálacha trialacha seo le déanamh. Anois, ná bí buartha faoi, bíonn deacrachtaí ag cuid mhór daoine agus iad ag obair taobh istigh de theorainneacha ama. Bhí 24 ceist ghearra agus d’éirigh leat 13 de na ceisteanna sin a dhéanamh, díreach níos mó ná leath díobh.” (Téigh tríd seo go mall le Mhicheál, ionas gur féidir leis an eolas a shú isteach)

“D’éirigh leat 9 gceist as an 13 cheist a rinne tú a fháil i gceart a Mhíchil. Conas a mhothaíonn tú faoi sin?” (Lig do Mhicheál machnamh a dhéanamh agus freagra a thabhairt go hiontach)

“Anois, a Mhíchil, leis na cineálacha trialacha seo breathnaímid ar an gcaoi inar fheidhmigh daoine eile freisin. Sa chuid maidir le hobair a dhéanamh le huimhreacha faigheann an chuid is mó de dhaoine 13 cinn i gceart. Mar sin, sa réimse seo d’fheidhmigh tú rud beag faoin gcaoi inar fheidhmigh an chuid is mó de dhaoine sa ghrúpa comparáide. Cad a chiallaíonn sé seo duitse, a Mhíchil?”

Nuair atá buntuisctint de na torthaí trialacha curtha ar bun agat, seans go mbeidh sé úsáideach duit an chairt phróifíle a úsáid chun an plé a leathnú amach (Fíor 2). Má dhéanaimid é seo bheadh orainn a chur in iúl do Mhicheál arís go socraítear na torthaí trialacha trí líon na gceisteanna a rinneadh san am tugtha, i gcomparáid le daoine eile. D’fhéadfadh an chairt phróifíle réimsí éagsúla inniúlachta a léiriú. Fiú mura ndéanann sé é seo is gá dúinn cabhrú le Mhicheál a thuiscint go mbeidh buanna éagsúla (cosúil le daoine eile) aige i réimsí difriúla. Bheadh sé úsáideach freisin Mhicheál a chur ag plé faoi thábhacht na dtorthaí dó féin agus an mbeadh gá níos mó ama a bheith aige agus é ag obair ar thascanna uimhriúla. Ar deireadh, b’fhéidir go mbeidh orainn breathnú ar an gcaoi ina mbeadh obair chrua agus spreagadh mar chabhair do Mhicheál le go bhfeidhmeadh sé níos fearr ná daoine eile agus fíorthorthaí a bhaint amach. An bhunspríoc ná a chinntiú nach gcuireann Mhicheál an iomarca béime ar na torthaí, ach go nglacann sé am chun breathnú orthu i gcomhthéacs tréithe, spéiseanna, deiseanna agus buanna eile. Leis an am a nglacann sé chun a leithéid d’eolas ilchineálach a iomlánú ba chóir dúinn a bheith cúramach agus sinn ag cur treorach ar fáil maidir le cúrsaí nó slite gairme.

Ar an seicliosta thíos tá eiseamláir dea-chleachtais le haiseolas scríofa agus ó bhéal a chur ar fáil:

RÉAMHRÁ

- ✓ Díriú ar Chomhthéacs/ Riachtanais an Chliaint?
- ✓ Cad é aidhm an mheasúnaithe?
- ✓ Cé a bheidh in ann teacht ar na torthaí?
- ✓ Cad a dhéanann an measúnú a thomhas agus cad iad na teorainneacha atá ann?
- ✓ Conas a oibríonn an córas scórála?

AN FHEIDHMÍOCHT Á PLÉ

- ✓ Present raw scóranna (number of items correct agus the number attempted)
- ✓ Explain how performance compares with others
- ✓ Relate results to the client's context
- ✓ Use appropriate language / factual not judgemental

PLEANÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA

- ✓ Tacú le cliant agus iad ag breathnú ar impleachtaí na dtorthaí
- ✓ Tacaíocht bhreise a thairiscint de réir mar is cuí

Conclúid

Creideann na húdair go bhfuil sé inchiallaithe do threoirchomhairleoirí breathnú ar na ceisteanna i gcomhthéacs leathan ar nós “cad iad na tréithe a bhaineann le gairmeacha éagsúla?” agus “cad iad na sonraí a thugann an cuidiú is fearr dom measúnú a dhéanamh ar na tréithe seo?” sula mbreathnaítear fiú ar thrialacha síciméadracha a úsáid i gcás ar leith. Lasmuigh de seo, ní mór breathnú ar na caighdeáin ar leith atá ann le trialacha a úsáid go gairmiúil. Tá caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh trialacha a úsáid tar éis teacht le chéile le blianta beaga anuas agus tá comhshraith caighdeán ann anois a d’eascair as Caighdeáin an Choimisiúin Trialacha Idirnáisiúnta agus atá faofa ag an gCónaidhm Eorpach um Chumainn Síceolaithe, Cumann Síceolaithe na Breataine agus Cumann Síceolaithe na hÉireann.

Leis na caighdeáin seo cuirtear béim ar líon dúshlán ar leith a bhaineann leis na trialacha síciméadracha a úsáid ag an leibhéal iar-bhunscoile, go háirithe don ghairmthreoir. Cuimsíonn na dúshlán seo bheith ag déileáil le cliaint a bhfuil riachtanais speisialta acu agus/nó cúlraí cultúrtha éagsúla, dóthain aiseolais a chur ar fáil, aiseolas scríofa ar ardchaighdeán a dháileadh, bheith ag déileáil le scóir ísle agus a chinntiú go n-úsáideann na scoláirí na torthaí trialacha go hiomchuí. San alt seo thaispeánamar go bhfuil tábhacht leis na treoirlínte deachleachtais agus go gcuireann siad treoir shoiléir ar fáil maidir leis an gcaoi inar féidir le treoirchomhairleoirí in ann tabhairt faoi na dúshlán seo. Má cheapann an treoirchomhairleoir nach féidir leis/léi socruithe réasúnta a dhéanamh chun tacú leis na scoláirí a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag na torthaí trialacha orthu, níor chóir an triail a riar ansin. Agus trialacha síciméadracha in úsáid, is gá go mbeadh fócas soiléir ag na treoirchomhairleoirí ar an gcaoi ina dtugann siad eolas do na scoláirí, toiliú feasach a mhealladh agus socrú a dhéanamh leis an aiseolas cuí a fháil (ó bhéal nó scríofa de réir mar is cuí).

Tuilleadh Léitheoireachta

Cumann Síceolaithe na Breataine (British Psychological Society) (BPS) - <http://www.bps.org.uk/>

Cumann Síceolaithe na hÉireann (CSÉ) - <http://www.psihq.ie>

An Coimisiún Trialacha Idirnáisiúnta (CTI) - <http://www.intestcom.org/>

Cónaidhm Eorpach um Chumainn Síceolaithe (European Federation of Psychologists Associations) (EFPA) - <http://www.efpa.eu>

An tIonad Tástála Síceolaíochta (ITS) - <http://www.psychtesting.org.uk/>

JMB - <http://www.dataprotectionschools.ie/en/Disclaimer/?returnUrl=/en/>

Beathaisnéisí

Declan Fitzgerald – Gairmshíceolaí Cairte agus Stiúrthóir de chuid Enact

Is Stiúrthóir é **Declan Fitzgerald** de chuid Enact (www.enact.ie). Tá sé ag obair sa réimse um measúnú agus forbairt síceolaíochta le níos mó ná 20 bliain. Sa tréimhse sin chuir sé an Teastas BPS sa Tástáil Ghairme ar fáil do níos mó ná 600 rannpháirtí. Faoi láthair cuireann sé cúrsaí poiblí ar fáil sa réimse chomh maith le léachtaí a thabhairt ar Shaothar Máistreachta agus Síceolaíocht Eagraíochta agus cláir Máistreachta sa Treoir agus Comhairleoireacht um síciméadracht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh agus Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Ciara Farrell – Sainchomhairleoir Taighde um Ghairmshíceolaíocht ag Enact

Bhain **Ciara Farrell** céim MSc amach as Ollscoil Luimnigh sa Síceolaíocht Oibre agus Eagraíochta (Onóracha den Chéad Ghrád). Thosaigh Ciara le Enact (www.enact.ie) le déanaí mar Shainchomhairleoir Taighde sa réimse bainistíochta buanna agus rannpháirtíochta fostaithe. Clúdaíonn an ról atá aici ná obair mar riarthóir ar thionscadail cliaint chomh maith le tuairiscí tionscadail agus meastóireachta a ullmhú. Thosaigh Ciara ag obair le déanaí ar an bhforbairt ar ábhair fíorúcháin nua don Úsáideoir Trialacha: Inniúlacht agus Úsáideoir Trialacha: cláir pearsantachta.

Tagarthaí

American Educational Research Association, American Psychological Association, & National Council of Measurement in Education. (1999). *Standards for educational and psychological testing*. Washington, DC: AERA.

American Psychological Association. (2010). *Ethical Principles of Psychologists and Code of Conduct*. American Psychological Association (APA).

British Psychological Society (2002). *Code of Good Practice for Psychological Testing*. Psychological Testing Centre (PTC). Leicester: UK.

British Psychological Society (2013). *An introduction to the register of qualified test use. Psychological Testing Centre (PTC)*. Leicester: UK. Faighte ar ais ó [http://www.psychtesting.org.uk/download\\$.cfm?file_uid=1DA47B62-BF01-59D7-7EFB-E481E1510622&siteName=ptc](http://www.psychtesting.org.uk/download$.cfm?file_uid=1DA47B62-BF01-59D7-7EFB-E481E1510622&siteName=ptc)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2007). *An Measúnú sa Churaclam Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna. (Assessment in the Primary School Curriculum: Guidelines for Schools.)* An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCMA). Cearnóg Mhuirfean: Baile Átha Cliath 2. Faighte ar ais ó http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary_School_Curriculum/Assessment/Primary_assessment_gl.pdf

An Coimisiún Trialacha Idirnáisiúnta. (2000). *International guidelines for test use*. International Test Commission. Leicester: UK. Faighte ar ais ó <http://www.intestcom.org/Guidelines/Test+Use.php>

Darker, C. (2012, Aibreán). PSI Policy Change Relating to Psychometrics: SCOPE Report. *The Irish Psychologist*, 38 (6).

European Federation of Psychologists Association. (2012) *EFPA Standards for test use: work, education, and health and social care, levels 1, 2, and 3*. European Federation of Psychologists Association (EFPA). Faighte ar ais ó www.efpa.eu/download/5cb1dbc81322f855b6aaf3f96be6a61a

O' Leary, P. (2012, Eanáir 15). Why we need career guidance counsellors – and why all the stereotypes are wrong. *The Journal*. Faighte ar ais ó <http://www.thejournal.ie/>

Psychological Society of Ireland (2006). *Policy on the Use of Psychometric Tests in Ireland*. Psychological Society of Ireland (PSI).

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2012). *Measúnuithe foirmiúla (trialacha san áireamh) faofa le húsáid in 2012/2013 le haghaidh teorach agus/ nó tacaíochta foghlama in iar-bhunscoileanna*. ROS. (Formal assessments (including tests) approved for use in 2012/2013 for guidance and/or learning support in post primary schools. DES) Faighte ar ais ó <http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Supports-for-Pupils-with-Special-Needs/List-of-Approved-Assessment-Tests.pdf>

Shiel, G., Kellaghan., & Moran, G. (2010). *Standardised Testing in Lower Secondary Education*. Baile Átha Cliath: CNCM.

An tIonad Tástála Síceolaíochta. (2007). *Psychological testing: a users guide*. Leicester, UK: BPS. Retrieved from <http://www.psychtesting.org.uk>.